# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé hAoine, 9 Bealtaine        Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Céadaoin, 30 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, ámh. Níl cead stionsail, teimpléid ná íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás ar an mbileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

- Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, ní mór don fheitheoir an bhileog a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, nó ar fhoireann nithe a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a chur i gcrích in am, roimh thús an scrúdaithe.** Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir duit an túsphointe agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu
1 - Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

De réir mar a dhéanann an Mini Cooper a bealach in airde ar chonair gharbh na gcor – i dtreo na láimhe deise, na láimhe clé, agus na láimhe deise arís ansin – líonann boladh géar na dtorthaí aibí isteach sa charr againn. Ar gach taobh tá úlloird a bhainfeadh an anáil de dhuine, sraith ar shraith de chrainn úll iontu agus iad faoi ualach trom. Tá na múrtha torthaí dearga milse ar gach géag dhuilleach, iad ag titim agus á scaipeadh féin go míshlachtmhar ar an bhféar agus ar an ithir thíos, agus á bpléascadh faoi bhoinn na gcarranna lena bhfuil de scuainí tráchta na féile ann. Dóthain úll chun pióga mionbhruair agus leathfhillteáin a choimeád le mo mhamó ar feadh céad saol eile.

Díreach agus ár ndóthain úll feicthe again, bainimid amach acra i ndiaidh acra de phiorraí móra súmhara. Is cosúil go raibh mé féin ag srannadh ar nós draein ag plobarnach an bealach ar fad trí na plumaí.

'Úlloird Marmaduke!' a deirim de chnead. 'Ní raibh súil ar chor ar bith agam le …'

'Áhá! Tá tú i do bheatha!' a gháireann Claude. 'Ní raibh súil againne le fíorúlloird ach chomh beag!'

'Is leis an mBarún Marmaduke an talamh,' a deir Daphne. Luíonn sí ar an gcoscán nuair a ghearrann bean isteach os comhair an chairr s'againne agus sciatháin bhándearga aingil ag flapáil go gáifeach ar chúl an mhála droma uirthi.

'Duine de na milliúnaithe aite úd eisean, nach ea?' a gháireann Claude. 'Is é atá mé a rá go gcaithfeadh sé a bheith ait agus ligean do chéad fiche míle strainséir cóisir a bheith acu ina chúlghairdín ...'

Sa ghleanntán glas romhainn amach, tá na mílte agus na mílte puball in airde cheana féin. Hósanna! Pubaill, pubaill agus breis puball fad ár radharc uainn! Pubaill oráiste, pubaill ghorma, pubaill uaine, pubaill dhearga, pubaill bhuí, gach dath agus ton eile faoin spéir plódaithe isteach sa dá mhíle chearnacha de shuíomh na féile. Biobháigí beaga bídeacha d'aon duine amháin, 'óstáin pháirce' do dheichniúr agus iad ollmhór toirtiúil, pubaill ghalánta Winnebago agus fuinneoga dubhaithe orthu, veaineanna campála basctha agus iad spraeáilte le péint, agus comúin caite le chéile as adhmad agus tarpól ag na hipithe ar fud na háite. Breactha anseo agus ansiúd ar an suíomh, tá tinte cnámh agus deatach ag brúchtadh astu, soilse oíche buí ag drithliú agus tinte ealaíne ag pléascadh ó am go chéile.

Sliocht as *LBD*, *The Great Escape*, le Grace Dent.

**Sliocht B**

A Theo dhil,

Ar scríobh mé chugat cheana i dtaobh na stoirme a chonaic mé le déanaí? Bhí an fharraige buíbhreac, go háirithe gar don chladach. Stríoca solais ag bun na spéire agus scamaill liathdhorcha díreach in airde os a chionn, agus an bháisteach le feiceáil ag titim anuas ina stríocaí fiarsceabhacha uathu. Shéid an ghaoth an dusta amach san fharraige ón gconair bheag bhán i measc na gcarraigeacha agus chroith sí na sceacha geala a bhí faoi bhláth agus lusanna an bhalla a fhásann i measc na gcarraigeacha. Ar thaobh na láimhe deise, páirceanna d'arbhar glas óg, agus an baile i gcéin lena chuid túr, muilte, díonta slinne, tithe den stíl Ghotach agus an caladh laistíos a bhí ar nós na mbailte a bhíodh Albrecht Durer a eitseáil.
Bhí mé ag faire ar an bhfarraige oíche Dé Domhnaigh seo caite freisin. Bhí gach aon rud liathdhorcha, ach bhí sé ag tosú a láchan ag bun na spéire. Bhí sé fós an-mhoch ach bhí fuiseog ag canadh cheana féin, na filiméalaí sna gairdíní cois farraige. I gcéin uaim, an solas ón teach solais, an long faire, etc. An oíche chéanna sin, d'fhéach mé amach an fhuinneog ó mo sheomra ar dhíonta na dtithe atá le feiceáil uaidh sin, agus ar bharr na gcrann leamháin, iad dorcha in aghaidh na spéire. Os cionn na ndíonta, réalta aonair, ach ceann álainn muinteartha mór. Faoi iamh tá líníocht bheag den radharc ó fhuinneog na scoile trína bhfaireann na buachaillí a dtuismitheoirí agus iad ag filleadh ar an stáisiún tar éis cuairt a thabhairt orthu.
Is mó duine díobh nach ndéanfaidh dearmad go brách ar an radharc ón bhfuinneog sin. Is trua nach bhfaca tú é an tseachtain seo, agus báisteach ar feadh laethanta as a chéile againn, go háirithe leis an gclapsholas nuair a lastar na lampaí agus nuair a fhrithchaitear a gcuid solais ar na sráideanna fliucha …

Le grá, Vincent.

Sliocht as *The Letters of Vincent Van Gogh*, a d'fhoilsigh Penguin.

**Sliocht C**

D'fhás mé aníos in Iarthar na hÉireann i dteach liath feirme a rinneadh de chlocha gearrtha, teach a fuair m'athair le huacht óna athair féin. De shliocht feirmeoirí níos gustalaí ar an ísealchríoch m'athair, agus tháinig mo mháthair ó na cnoic sceirdiúla ghortacha lastuas de loch ollmhór. Théimis ag súgradh mar leanaí i bhforaois bheag ródaidéandrón – iad tiubhaithe basctha caithreáilte faoi chosa na mbó agus iad ag scrabhadh – timpeall an tí agus síos an cabhsa. Bhí an oiread sin sclaigeanna móra san aibhinne ó na geataí tosaigh isteach gur chaith carranna casadh isteach sa pháirc agus amach arís.
Cé go raibh an taobh amuigh imithe chun siléige le mothar buachalán agus feochadán, bhaintí

geit as strainséirí ar dhul isteach sa teach dóibh; d'fhéadfadh sé go raibh m'athair ag ligean a shaoil chun fáin ag faire ar na slinnte ag titim de dhíonta na gcróite amuigh, ach laistigh, ba é mórtas croí mo mháthar an teach sábháilte, cearnógach cloiche sin ar an ísealchríoch. Bhíodh sé gléghlan i gcónaí. Bhí sé pulctha le rudaí – troscán, madraí poircealláin, mugaí tóbaí, crúscaí arda, tráidirí, taipéisí agus rudaí nach iad. Bhí pictiúir bheannaithe i ngach ceann de na ceithre sheomra leapa agus formhatal órga os cionn gach tinteáin. Bhí fean páipéir nó cumhdach de bhosca seacláidí i ngach tinteán. Ar na matail bhí bláthanna céarach, dealbha naofa, cloig aláraim bhriste, sliogáin, fótagraif, agus cúisíní cruinne boga chun bioráin a shá iontu.

Sliocht as *The Genius and Other Irish Short Stories: The Rug,* le Edna O'Brien.

## Sliocht D

Cait cháiliúla, peataí leon, ceoltóirí rap ag an mbricfeasta, Estefan ar dinnéar: Dom July ag baint lán a dhá shúl as Riviera Mheiriceá atá ar maos le pearsana cáiliúla.
Is ar éigean is féidir liom an trá agus túir na ngardaí slándála lena ndathanna báiteacha a dhéanamh amach os cionn na ndumhcha féarmhara céad slat ar aghaidh. Idir an dá linn, díreach os mo chomhair amach atá an rud is mó is díol spéise: Ocean Drive nó Ocean mar a thugtar air anseo in SoBe. Sraith óstán *art-deco* cois farraige atá ann agus an chuma orthu go bhfuil na Meiriceánaigh is mó cáil tagtha in ómós na hócáide. Ón uair gur i Meiriceá atáimid, is léir nach de shiúl na gcos a tháinig siad. Tá Hummers ollmhóra sna sála ar Corvettes beaga dearga; gluaisrothair oráiste agus cróim atá feistithe ar áilleacht ag cúrsáil thar Easpáinnigh ina gcarranna ísle siúd, géaga na lámh ar crochadh go díomhaoin as na fuinneoga oscailte a sheolann fuaimrian a gcuid ceoil i mo threo, ag scoilteadh mo chuid cluas.
É seo ar fad, agus an chéad uair a tháinig mé anuas don bhricfeasta, bhí an ceoltóir rap Jah Rule ina shuí ag an mbord in aice liom agus a pheata leoin ar a chraodó lena chosa.
Sin é South Beach agat. Is é Riviera Mheiriceá é. Mar a bheadh Cannes á rith ag móidíní snagcheoil agus cuireadh ag cách ann, gan aon ghá le seaicéad. San áit seo, is í an Porche buí an rud is ciallmhaire amuigh. Is é an áit é a dhéantar duine eile díom.
Sliocht as *Star-struck on Miamí's South Beach*: *The Times Online, 31 Iúil 2005.*

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán

# Leathanach Bán